Treoir Shimplithe maidir le heolas faoi Úsáid Shainaitheanta i Slaghra an tSoláthair

Faoin reachtaíocht REACH, éilítear ar gach déantúsóir nó iompórtálaí um shubstaint cheimiceach a gcuid substaintí a chlárú ar an dáta iomchuí (Nollaig 2010, Meitheamh 2013 nó Meitheamh 2018). Más substaint ghuaiseach atá ann (bunaithe ar shonraí tástála) ní mór measúnú riosca do dhuine agus don chomhshaol a bheith san áireamh sa chomhad cláraithe. Ba chóir Úsáidí Sainaitheanta den substaint a mheas sa mheasúnú riosca seo, mar aon lena diúscairt mar dhramhaíl.

Mar chuid den mheasúnú riosca áirítear Cás Nochta (ES) a chruthú maidir le gach Úsáid Shainaitheanta ina gclúdaítear a gcéimeanna sa saolré, diúscairt san áireamh. Déanann an ES cur síos ar an mbealach a d'fhéadfadh an tsubstaint an duine agus an timpeallacht a nochtú agus conas is féidir an nochtadh sin a rialú trí Choinníollacha Oibríochtúla (OCs) agus Bearta um Measúnú Riosca (RMMs) iomchuí a chur i bhfeidhm. Déanann OCs cur síos ar an mbealach a úsáidtear an tsubstaint agus déanann RMMs cur síos ar na réamhchúraimí a theastaíonn chun an tsubstaint a láimhseáil go sábháilte. I ndeireadh na dála, beidh achoimre den ES mar chuid den Leathanach de Shonraí Sábháilte Breisithe (ESDS) a chuirtear ar fáil don úsáideoir.

Tugann REACH cead d'Úsáideoirí Iartheachtacha (DUs) a gcuid soláthraithe a chur ar an eolas faoi úsáid a substaint/dtáirge chun go n-áireofar é sa chomhad Cláraithe. Tugtar Úsáidí Sainaitheanta orthu sin faoi REACH. Beidh oibleagáid ar an soláthraí ES iomchuí a chur ar fáil d'aon substaint ghuaiseach, trí thacú leis na húsáidí sin. I gcás nach gcuireann DU soláthraí ar an eolas faoina úsáid, áfach, ní mór dó a ES féin a ullmhú le coimeád ar comhad agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a chur ar an eolas.

Maidir leis na treoircháipéisí a d'fhoilsigh ECHA, is féidir úsáid substaint cheimiceach ar bith a thuairisc ach úsáid a bhaint as sraith cód ar a dtugtar an Córas um Tuairisceoirí Úsáide. D'fhéadfadh roinnt Tuairisceoirí Úsáide a bheith ar gach cineál earra a léiríonn céimeanna éagsúla sa saolré. **Is creatlach choitianta é sin a chuireann eolas ar fáil faoi úsáid chomhchuibhithe i slaghraí an tsoláthair ar fad, lena n-áirítear slaghra bealaidh an tsoláthair.** Roinntear na cóid i roinnt catagóirí éagsúla:

SU Earnáil Úsáide: Déantar cur síos ar an bpríomhréimse úsáide (déantúsaíocht, úsáid phríobháideach, srl) agus ar an gcineál tionscail (eg tionscal ceimiceach ar mhórscála)

PC Catagóir Táirge: Déantar cur síos ar an gcineál táirge (eg sreabhán híodrálach, sreabhán miotalóireachta, etc)

PROC Catagóir Próisis: Déantar cur síos ar an úsáid a bhaintear as an substaint (eg spraeáil, feidhm scuaibe, etc)

ERC Catagóir um Scaoileadh Comhshaoil: Déantar cur síos ar na coinníollacha nochta comhshaoil a bhaineann leis na cóid PC agus PROC

AC Catagóir Airteagail: Déantar cur síos ar an gcineál airteagail ina ndéantar an tsubstaint a phróiseáil ar deireadh. Ní dóigh go mbainfidh siad le bealaí ceaptha.

Shainaithin dhá ghrúpa earnála a dhéanann ionadaíocht don tionscal bealaidh (ATIEL[1] agus ATC[2]) cúpla céad feidhm bealaidh difriúil agus dáileadh gach ceann acu ar Ghrúpa Úsáide Bealaidh ar an mbonn a n-úsáidtear na táirgí go ginearálta (i.e. a bpróifíl nochta).

Dáileadh na Tuairisceoirí Úsáide ar na Grúpaí Úsáide Bealaidh sa chaoi agus go bhféadfadh líon teoranta Tuairisceoirí Úsáide cur síos a dhéanamh ar fheidhm bealaidh difriúil, a thugann eolas simplí agus leanúnach faoin úsáid i slaghra an tsoláthair.

Déanfar forbairt ar Chás Nochta Géineasach (GES) ina gclúdófar na Grúpaí Úsáide Bealaidh agus seachnófar an gá, dá réir sin, ar thionscal ES ar leith a fhorbairt maidir le gach ceann de na cineálacha úsáid bealaidh difriúla a shainaithnítear.

---

[1]ATIEL = Association Technique de L'Industrie Européenne des Lubrifiants
[2]ATC = Technical Committee of Petroleum Additive Manufacturers in Europe

Tá treoirlínte curtha amach ag ATIEL/ATC ina ndéantar cur síos ar an mbealach ar féidir le soláthraithe agus custaiméirí i slaghra bealaidh an tsoláthair an t-eolas comhchuibhithe seo a úsáid chun a chinntiú go gclúdófar a gcuid úsáidí sonracha i gceart.

Tugtar treoir ar leith in Alt 7 ar láithreán Gréasáin ATIEL maidir leis an mbealach ar chóir do DUs an t-eolas a úsáid chun a chinntiú go bhfuil a gcuid úsáidí ar leith clúdaithe i gceart. Moltar na céimeanna seo a leanas chun é sin a dhéanamh:

Céim 1:
Samhlaigh gur úsáideoir tionscail é do chuideachta de thiúchán sreabháin mhiotalóireachta intuaslagtha. Bain úsáid as "Tábla Feidhme Bealaidh" (7.2 ar láithreán Gréasáin ATIEL), aimsigh cuingir de 'Fine' agus 'Feidhm Shonrach' a dhéanann cur síos ar na táirgí a úsáideann tú, agus tabhair faoi deara an **Grúpa Úsáide Bealaidh (B go F)** géineasach lena mbaineann sé/siad. Mar shampla:

Fine: Sreabhán Miotalóireachta
Feidhm Shonrach: Sreabháin Mheaisínithe/Mheilte–intuaslagtha (tiúchán)
Grúpa Úsáide Bealaidh: E

Ciallaíonn an méid sin go bhfuil tiúchán sreabháin mhiotalóireachta intuaslagtha i nGrúpa Úsáide Bealaidh E de chuid ATIEL/ATC.

Tabhair faoi deara go mbeidh Grúpaí Úsáide Bealaidh difriúla ann do shreabháin mhiotalóireachta maidir leis an tiúchán agus an sreabhán in úsáid caolaithe. Sa chás sin is gá an dá Ghrúpa Úsáide Bealaidh iomchuí a shainaithint chun an táirge a úsáid.

Céim 2:
I ndiaidh duit an Grúpa Úsáide Bealaidh a shainaithint ó Chéim 1, oscail an scarbhileog dar teideal "tábla Bealaidh DUCC" (7.3 ar láithreán Gréasáin ATIEL).

I gcolún A den tábla seo, tá liosta de na Grúpaí Úsáide Bealaidh agus iad roinnte de réir na gceannteideal **tionscal (i),** proifisiúnta (p) agus tomhaltóir (c) ina bhfuil sraith ar leith Tuairisceoirí Úsáide le gach fochatagóir. Go ginearálta is é 'tionscal' an rogha iomchuí chun déantúsaíocht agus formhór na mbealaí a úsáidtear a chlúdach. Tá sé i gceist go n-úsáidfear na cinn eile, p agus c, i gceardlanna beaga nó sa bhaile faoi seach. Tabhair faoi deara nach mbeidh fochatagóir tomhaltóra agus/nó proifisiúnta ag gach Grúpa Úsáide Bealaidh mar nach mbíonn siad in úsáid sna hearnálacha sin.

Ó tharla gur cuideachta tionscail atá i gceist sa sampla, aimsigh 'Grúpa E(i) ATIEL-ATC' i gcolún A. Léiríonn an cuingir de SU, PC, PROC agus ERC sa tsraith den tábla seo na Tuairisceoirí Úsáide comhchuibhithe a shann saineolaithe de chuid ATIEL/ATC mar "Sreabhán miotalóireachta, sreabháin mheaisínithe/mheilte – intuaslagtha (tiúchán)" de réir comhdhearcadh tionscail maidir le húsáid na dtáirgí miotalóireachta. Ba chóir go mbeadh siad ag meaitseáil na próisis nó na gníomhaíochtaí a shonraítear i gcolún C, agus go mbeadh siad ar aon dul leis an mbealach a úsáideann tú (agus, más cuí, do chustaiméirí) an cineál bealaidh seo. Tá mionchur síos ar chóid ghearrscríofa PROC agus ERC le fáil ar tháib eile ar an scarbhileog seo mar ábhar tagartha.

Céim 3:
Má bhíonn tú sásta go gclúdaíonn na Tuairisceoirí Úsáide, a shann an tionscal bealaidh, úsáidí do tháirge i gceart (agus táthar ag súil go gclúdófar beagnach gach úsáid go cruinn), ní bheidh aon gá ansin dul níos faide mar ba chóir go mbeadh na hÚsáidí Sainaitheanta seo clúdaithe ag an gClárú. I gcás, áfach, go gcreideann tú nach bhfuil d'úsáid clúdaithe go cruinn (mar shampla má úsáidtear bealadh chun críoch éagsúil ná mar atá sonraithe ar an Tábla Feidhme Bealaidh), moltar sa chás sin dul i dteagmháil le do sholáthraí láithreach.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go seasann na Tuairisceoirí Úsáide a shanntar do gach Grúpa Úsáide Bealaidh do thuiscint reatha an ghrúpa oibre de ghnáthúsáidí bealaidh, i.e. ina ndéantar cur síos ar thascanna a bheifí ag súil leo in ionad oibre nó i dtimpeallacht tomhaltóra. Coimeádfar ábhar den

láithreán Gréasáin ATIEL/ATC faoi athbhreithniú agus tabharfar cothrom le dáta é má thagann breis eolais chun cinn agus de réir mar a mhéadaítear an tuiscint ar an gcóras tuairisceoirí úsáide.

Achoimre

Ar an iomlán, is próiseas casta atá i gceist agus is gá go mbeadh mioneolas ar REACH agus ar a théarmeolaíochtaí. Rinneadh obair ATIEL agus ATC chun an próiseas seo a shimpliú dár gcustaiméirí agus chun modheolaíocht agus léiriú comhaontaithe a chinntiú sa tionscal. Más spéis leat tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a ardaítear san obair seo moltar na treoircháipéisí ar láithreán Gréasáin ECHA a léamh.

Is gá go mbeadh tuiscint den sórt sin agat chun d'oibleagáidí faoin reachtaíocht a chinntiú. Tá tionchar ag REACH ar gach duine i slaghra ceimiceach an tsoláthair, ón déantúsóir/iompórtálaí i dtosach go dtí an t-úsáideoir ar deireadh. Tá réimse de threoircháipéisí ar fáil ar láithreán Gréasáin ECHA (http://guidance.echa.europa.eu/index_en.htm), ina bhfuil idir leaganacha simplithe agus leaganacha níos mionsonraithe. Moltar duit féachaint ar na treoircháipéisí sin chun tuiscint níos iomláine a fháil ar an reachtaíocht a bhaineann le hÚsáidí Sainaitheanta agus a dtionchair ar shlaghra an tsoláthair.